Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2017 (OR. fr)**

**11654/17**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0281 (COD)**

**CODEC 1308**
**DEVGEN 187**
**ACP 91**
**RELEX 694**
**ECOFIN 678**
**CADREFIN 87**
**ASIM 91**
**MAMA 158**
**COEST 216**
**COAFR 227**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI (**an chéad léamh**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún a thogra[1] ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 14 Meán Fómhair 2016 agus é bunaithe ar Airteagal 209(1) CFAE agus ar Airteagal 212(2) CFAE.

2. Ar an 6 Iúil 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh, ar an gcéad léamh, maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 12290/16.
[2] 10935/17.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 43/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire agus toscaireacht Lucsamburg ag staonadh.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.